AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN AISTRIÚCHÁIN

# DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Sa ráiteas príobháideachais seo tugtar eolas faoin dóigh a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.**

**Ráiteas Príobháideachais maidir le Cruinnithe agus Imeachtaí a eagraíonn an Coimisiún Eorpach**

**An oibríocht phróiseála:** Juvenes Translatores

**Rialaitheoir Sonraí:** *Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, DGT.02*, sa Choimisiún Eorpach

**Tagairt taifid:** DPR-EC-00623

**Clár**


1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**
3. **Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?**
7. **Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **Tuilleadh eolais**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseálann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta i gcomhthéacs Juvenes Translatores. Mínítear ann an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Anseo thíos tá an t-eolas maidir leis an oibríocht phróiseála Juvenes Translatores, a fheidhmíonn *Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin,* Aonad DGT.02 – Cumarsáid agus Caidrimh le Páirtithe Leasmhara an Choimisiúin Eorpaigh.

## 2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Déanann DGT Aonad DGT.02 – Cumarsáid agus Caidrimh le Páirtithe Leasmhara do shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh chun eolas a chur ar fáil duit faoi chomórtas agus searmanas bronnta Juvenes Translatores (roimh ré, lena linn agus ina dhiaidh) agus chun d’iarratas chun páirt a ghlacadh sa chomórtas a phróiseáil.

Déanfar sruthú gréasáin beo agus taifead closamhairc de na cainteoirí, eagraithe agus rannpháirtithe ag an searmanas bronnta, agus glacfar grianghraif de na cainteoirí agus leathangrianghraif de rannpháirtithe agus eagraithe agus foilseofar iad i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí cumarsáide Juvenes Translatores ar na meáin shóisialta.

Ní ghlactar grianghraf den lucht féachana nó rannpháirtithe nach cainteoirí iad, ina n-aonar nó ina ngrúpaí. D’fhéadfadh sé go mbeadh na daoine sin le feiceáil i leathanghrianghraif den imeacht/lucht féachana iomlán, áfach.

Féadfaidh rannpháirtithe nach bhfuil ag iarraidh a bheith páirteach sa sruthú gréasáin agus gníomhaíochtaí taifeadta/foilsitheorachta agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála ach ríomhphost a sheoladh chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu roimh an searmanas bronnta. Sa chás sin agus nuair is féidir, treorófar na rannpháirtithe sin chuig suíochán nach bhfuil le feiceáil ar an sruthú gréasáin.

Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh.

## 3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Is dleathach iad oibríochtaí próiseála Juvenes Translatores, faoi Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 (is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais).

Na hoibríochtaí próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta na gcainteoirí ag searmanas bronnta Juvenes Translatores a bhfuil conradh déanta leo, déantar iad i gcomhréir leis na forálacha conarthacha. Dá réir sin, tá an phróiseáil sin riachtanach agus dleathach faoi Airteagal 5(1)(c) de

Rialachán (AE) 2018/1725 (is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí nó chun bearta a dhéanamh arna n-iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé conradh).

Is gá do thoiliú a thabhairt:

- ☐ do shonraí pearsanta a bhaineann le riachtanais cothaithe agus/nó riachtanais rochtana a phróiseáil;
- ☐ liosta rannpháirtithe shearmanas bronnta Juvenes Translatores ina bhfuil d'ainm, do scoil agus do thír thionscnaimh a roinnt;
- ☐ do shonraí pearsanta a phróiseáil chun cuireadh a thabhairt duit teacht chuig imeachtaí a d'fhéadfadh an rialaitheoir sonraí a eagrú amach anseo;
- ☐ do shonraí pearsanta a phróiseáil chun eolas a chur ar fáil duit faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh.

Má roghnaíonn tú a bheith páirteach, tugann tú do thoiliú sainráite dúinn do shonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch sonrach sin faoi Airteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725. Féadfaidh tú do thoiliú a thabhairt le gníomh soiléir dearfach trí tic a chur sa/sna bhosca/boscaí ar fhoirm clárúcháin an chomórtais ar líne. Tabhair d'aire go bhfuil gá le do thoiliú chun páirt a ghlacadh i gcomórtas Juvenes Translatores.

Féadfar do thoiliú le haghaidh na seirbhísí sin a tharraingt siar am ar bith:

- chun an toiliú atá tugtha agat chun páirt a ghlacadh i gcomórtas Juvenes Translatores a tharraingt siar, seol ríomhphost chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu.

## 4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?

Déanfar na sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil:

- sonraí teagmhála an duine fhreagraigh ó na scoileanna rannpháirteacha agus/nó sonraí teagmhála duine fásta atá freagrach (feidhm/teideal, céadainm, sloinne, ainm scoile, cathair, tír, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin);
- sonraí teagmhála agus dátaí breithe na ndaltaí atá sa chomórtas.
- féadfar náisiúntacht, uimhir phas nó uimhir chárta aitheantais agus an dáta eisiúna agus dáta éaga a bhaineann leis a bhailiú, ionas go mbeidh cead isteach ag na hábhair sonraí san áit a mbeidh an searmanas bronnta ar siúl;
- iarratais speisialta maidir le haiste bia (más ann dóibh) nó riachtanais rochtana shonracha.

## 5. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?

Ní choinníonn an Rialaitheoir Sonraí do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu.

Maidir leis na catagóirí sonraí pearsanta uile a phróiseáiltear, anseo thíos tá na mionsonraí coinneála agus an tagairt chuig an taifead ábhartha de:

- Na sonraí pearsanta uile a bhaineann le heagrú agus bainistiú chomórtas Juvenes Translatores (lena n-áirítear an t-eolas a thugtar le linn clárúcháin, roimh an imeacht, lena linn nó ina dhiaidh), scriosfar iad **aon bhliain amháin** tar éis an ghnímh dheireanaigh i ndáil leis an searmanas bronnta.
- Scriosfar sonraí pearsanta íogaire a bhaineann le riachtanais cothaithe agus/nó rochtana a luaithe nach mbeidh gá leo chun na críche dar bailíodh iad faoi chuimsiú chomórtas Juvenes Translatores ach déanfar iad a scriosadh tráth nach déanaí ná **1 mhí amháin** tar éis dheireadh an tsearmanais bronnta.
- Coinneofar taifid ón searmanas bronnta a ndearnadh sruthú gréasáin air ar feadh **2 bhliain** sula scriosfar iad. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-00306 (Sruthú-gréasáin ar imeachtaí an Choimisiúin).
- I gcás go ndéantar taifeadadh closamhairc de shearmanas bronnta Juvenes Translatores, coinneofar na taifid ar feadh **3 mhí** tar éis an imeachta sula scriosfar iad. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-01937 (Taifeadadh closamhairc de chruinnithe).
- Sonraí pearsanta a roinntear le hArd-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil an Choimisiúin Eorpaigh chun cead isteach a fháil do na rannpháirtithe i bhfoirgnimh an Choimisiúin, coinneofar iad **ar feadh 6 mhí** tar éis deireadh a bheith curtha leis an nasc idir an t-ábhar sonraí agus an Coimisiún. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-00655 (Córas Rialaithe Rochtana Fisicí an Choimisiúin (PACS)).
- Déantar sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don rialaitheoir chun críoch postála amach anseo (e.g., chun nuachtlitir nó cuirí chuig imeachtaí cosúla a fháil) a phróiseáil i gcomhréir leis an Taifead den Phróiseáil - DPR-EC-02588 maidir le Síntiúis chun eolas a fháil a bhainistiú.
- Soláthraithe seirbhíse áirithe chun críoch eagrúcháin (amhail lónadóirí, gníomhaíochtaí taistil nó eagraíochtaí bainistithe imeachta), tá siad faoi cheangal conarthach sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann an rialaitheora sonraí agus sin a dhéanamh i gcomhréir leis na treoracha ón rialaitheoir sonraí, agus aon sonraí a phróiseálann siad a choimeád rúnda agus iad a chosaint ó rochtain, úsáid nó coinneáil neamhúdaraithe.

## 6. Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte *etc.*) a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh. Déantar na hoibríochtaí próiseála go léir de bhun Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise arna n-úsáid ag an gCoimisiún Eorpach.

Tá conraitheoirí an Choimisiúin faoi cheangal clásal conarthach ar leith maidir le próiseáil ar bith a dhéantar ar do chuid sonraí pearsanta thar ceann an Choimisiúin, agus tá siad faoi cheangal oibleagáidí rúndachta a thagann as an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán 'RGCS' (AE) Uimh. 2016/679*)*.

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhartha iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go ndéanfaí rochtain neamhúdaraithe orthu, ag cur san áireamh an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil agus na cineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, ní dhéantar cead rochtana ar na sonraí a thabhairt ach do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

## 7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta d'fhostaithe an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a chur i gcrích agus do na baill foirne eile de chuid an Choimisiúin atá údaraithe de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais'. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe dlíthiúla rúndachta, agus nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Féadfaimid d'eolas a roinnt lenár ngníomhaireacht taistil chun taisteal bhuaiteoirí an chomórtais agus taisteal na rannpháirtithe i searmanas bronnta Juvenes Translatores a eagrú. Foilseofar ainmneacha buaiteoirí, a dtíortha tionscnaimh agus a n-aistriúcháin ar shuíomh gréasáin Europa, de réir an toiliú a thug siad tráth a chuir siad isteach ar an gcomórtas.

## Fianáin

Is comhaid téacs ghearra iad fianáin a stórálann suíomh gréasáin ar ghaireas úsáideora (amhail ríomhaire, táibléad nó guthán). Baintear úsáid as fianáin le haghaidh feidhmiú teicniúil suímh gréasáin (fianáin fheidhmiúla) nó chun staidreamh a bhailiú (fianáin anailíseacha).

Déantar an clárú le haghaidh chomórtas Juvenes Translatores trí shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin. Cumhdófar na fianáin a mbainfidh an Coimisiún úsáid astu ar ghaireas an chláraithe chun na críche sin le beartas fianáin an Choimisiúin, atá ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/cookies_ga.

Nuair a théann tú chuig suíomh gréasáin ár gcomórtais agus nuair a chláraíonn tú, coinneoimid an tuairisc ó do bhrabhsálaí ar feadh ***1 mhí amháin** ar a mhéad*. Ansin, scriosfar an t-eolas sin. Déantar sonraí a bhailiú, a chomhiomlánú agus a anaithnidiú i lárionad sonraí an Choimisiúin Eorpaigh faoi bhearta slándála leordhóthanacha.

Europa Analytics, an tseirbhís chorparáideach a dhéanann éifeachtacht agus éifeachtúlacht shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar Europa a mheas, déanann sí fianáin a stóráil. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-00685 (Europa Analytics).

Níl sé riachtanach na fianáin sin a chumasú i gcónaí ionas go n-oibreoidh an suíomh gréasáin ach beidh sé níos éasca ort an suíomh a bhrabhsáil má chumasaítear iad. Is féidir leat na fianáin sin a scriosadh nó a bhlocáil, ach má dhéanann tú sin b'fhéidir nach mbeadh roinnt gnéithe shuíomh gréasáin an chruinnithe/imeachta ag obair mar ba cheart.

Ní bhaintear leas as an eolas a bhaineann le fianáin chun ábhair sonraí a aithint go pearsanta agus tá smacht iomlán ag an gCoimisiún ar na sonraí brabhsála. Ní bhaintear aon úsáid eile as na fianáin sin seachas an úsáid a bhfuil cur síos déanta uirthi anseo.

Má roghnaíonn tú do shonraí pearsanta a bhaint dár staidreamh anaithnide comhiomlánaithe, féadfaidh tú sin a dhéanamh ar ár leathanach fianáin. Go háirithe, is féidir leat na fianáin sin a rialú agus/nó a scriosadh de réir mar is mian leat.

## Uirlisí teicneolaíochta faisnéise den tríú páirtí, lena n-áirítear na Meáin Shóisialta

Bainimid úsáid as uirlisí teicneolaíochta faisnéise den tríú páirtí chun daoine a chur ar an eolas faoi chomórtas Juvenes Translatores agus chun an comórtas a chur chun cinn trí bhealaí cumarsáide a úsáidtear go forleathan, lena n-áirítear na meáin shóisialta. Chun eolas mionsonraithe a fháil faoin úsáid a bhaineann an Coimisiún Eorpach as na meáin shóisialta, féach an Taifead Próiseála DPR-EC-00073 (Úsáid na Meán Sóisialta ag an gCoimisiún Eorpach).

Is féidir leat breathnú ar ár bhfíseáin a gcuirimid ar ár leathanach Youtube agus naisc a leanúint ónár suíomh gréasáin chuig Facebook, Instagram agus Twitter.

D'fhonn do phríobháideachas a chosaint, nuair a bhainimid úsáid as uirlisí teicneolaíochta faisnéise den tríú páirtí chun ceangal a dhéanamh leis na seirbhísí sin, ní shuiteáiltear fianáin nuair a osclaítear ár leathanaigh gréasáin ar do ríomhaire (nó gaireas eile), ná ní dhéantar tú a atreorú chuig na meáin shóisialta sin nó suímh eile. Ní dhéanfar fianán de chuid na cuideachta meán sóisialta lena mbaineann a shuiteáil ar do ghaireas ach amháin má chliceálann tú ar chnaipe nó 'seinn' ar fhíseán chun féachaint air. Mura gcliceálann tú ar aon chnaipe nó fhíseán de chuid na meán sóisialta, ní dhéanfaidh tríú páirtithe aon fhianáin a shuiteáil ar do ghaireas.

Chun féachaint ar inneachar tríú páirtí den sórt sin ar ár suímh gréasáin, cuirfidh teachtaireacht in iúl duit go bhfuil ort glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha sonracha a bhaineann leis na tríú páirtithe sin, lena n-áirítear a mbeartais fianáin, nach bhfuil aon smacht ag an gCoimisiún orthu.

Molaimid d'úsáideoirí beartais phríobáideachais Youtube, Facebook, Instagram agus Twitter a léamh go cúramach sula mbaintear úsáid astu. Mínítear iontu beartas gach cuideachta chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh, an chaoi a mbaineann siad úsáid as sonraí, cearta úsáideoirí agus na bealaí ar féidir le húsáideoirí a bpríobháideachas a chosaint a fhad agus atá siad ag baint úsáid as na seirbhísí sin.

Má bhaineann an Coimisiún Eorpach úsáid as uirlis teicneolaíochta faisnéise den tríú páirtí, ní thugann sé sin le fios go ndéanann an Coimisiún na páirtithe sin nó a mbeartais phríobháideachais a fhormhuiniú. I gcás nach mbíonn ceann amháin nó níos mó de na huirlisí teicneolaíochta faisnéise den tríú páirtí ar fáil, ní ghlacaimid freagracht as easpa seirbhíse mar gheall nach bhfuil siad ar fáil.

## 8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725, go háirithe an ceart rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, próiseáil do shonraí pearsanta a shrianadh, agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, agus an ceart chun iniomparthachta sonraí agat.

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, agóid a dhéantar go dlíthiúil de bhun Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725, ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin.

Tá toilithe agat do shonraí pearsanta a chur ar fáil don rialaitheoir sonraí le haghaidh na hoibríochtaí próiseála reatha. Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar am ar bith ach fógra a thabhairt don rialaitheoir sonraí le ríomhphost chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu. Ní dhéanfaidh tarraingt siar do thoilithe aon difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, nó, i gcás easaontais, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairtí taifid mar atá sonraithe faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

## 9. Sonraí teagmhála

- **An Rialaitheoir Sonraí**

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí trí ríomhphost a sheoladh go DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu.

- **Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

## 10. Tuilleadh eolais

Foilsíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí clár na n-oibríochtaí próiseála go léir ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Tá an oibríocht phróiseála shonrach sin curtha le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPR-EC-00623